# CHÚIRT GHINEARÁLTA

## Comhaltaí nua den Chúirt Ghinearálta a chur faoi mhionn

(2022/C 398/02)

Ceapadh Goulielmos Valasidis mar bhreitheamh de Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh le cinneadh ó Ionadaithe Rialtais Bhallstáit an Aontais Eorpaigh an 27 Aibreán 2022, ([1]) don tréimhse ón 1 Meán Fómhair 2022 go dtí an 31 Lúnasa 2028, agus cuireadh faoi mhionn é os comhair na Cúirte Breithiúnais an 15 Meán Fómhair 2022.

Ceapadh Steven Verschuur mar bhreitheamh de Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh le cinneadh ó Ionadaithe Rialtais Bhallstáit an Aontais Eorpaigh an 29 Meitheamh 2022, ([2]) don tréimhse ón 1 Meán Fómhair 2022 go dtí an 31 Lúnasa 2028, agus cuireadh faoi mhionn é os comhair na Cúirte Breithiúnais an 15 Meán Fómhair 2022.

Ceapadh Elisabeth Tichy-Fisslberger mar bhreitheamh de Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh le cinneadh ó Ionadaithe Rialtais Bhallstáit an Aontais Eorpaigh an 20 Iúil 2022, ([3]) don tréimhse ón 1 Meán Fómhair 2022 go dtí an 31 Lúnasa 2028, agus cuireadh faoi mhionn í os comhair na Cúirte Breithiúnais an 15 Meán Fómhair 2022

## Toghadh Uachtarán na Cúirte Ginearálta

(2022/C 398/03)

Ag teacht le chéile dóibh an 16 Meán Fómhair 2022, thogh Breithiúna den Chúirt Ghinearálta, i gcomhréir le hAirteagal 9 (1) de na Rialacha Nós Imeachta, an Breitheamh Marc van der Woude, Uasal, mar Uachtarán na Cúirte Ginearálta, don tréimhse ón 16 Meán Fómhair 2022 go dtí an 31 Lúnasa 2025.

## Toghadh Leas-Uachtarán na Cúirte Ginearálta

(2022/C 398/04)

I dtionól an 16 Meán Fómhair 2022, rinne Breithiúna na Cúirte Ginearálta, i gcomhréir le hAirteagal 9(4) de na Rialacha Nós Imeachta, an Breitheamh Savvas Papasavvas, Uasal, a thoghadh ina Leas-Uachtarán ar an gCúirt Ghinearálta, ar feadh na tréimhse ón 16 Meán Fómhair 2022 go dtí an 31 Lúnasa 2025.

(1) IO L 126, 29.4.2022, lch. 23.
(2) IO L 173, 30.6.2022, lch. 77.
(3) IO L 198, 27.7.2022, lch. 16.